**RABHADH**

Caithfidh an bhileog seo a thabhairt suas le do fhreagarleabhar – sin nó caillfear marcanna.

**M. 42T**

**Cuir do Scrúduimhir anseo ☞**

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL
## (320 marc)

## DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00

**Freagair cúig cheist déag as Cuid I agus ceithre cheist as Cuid II. Ní cóir dhuit níos mó ná uair a chloig a chaitheamh le Cuid I.**

**THALL ®**

## Cuid I (120 marc)

**Freagair cúig cheist déag.**
**Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.**
**Tá an líon céanna marcanna acu uilig.**

**1.** Ins na staitisticí oifigiúla ciallaíonn **an Talmhaíocht**:

______________________________

______________________________

**2.** Ainmnigh **dhá** mhór-bhuntáiste ag gránach an gheimhridh thar ghránach an earraigh.

______________________________

______________________________

**3.** Luaigh sampla tábhachtach **amháin** de chumasc athraithe acmhainní san fheirmeoireacht, thar am. (Tabhair fianaise staitisticiúil)

______________________________

**4.** Féadann **méid an bhreisluacha** a athrú ag leibhéal éagsúil den táirgeacht ar fheirm. Mínigh é sin maidir leis an mhairteoil.

______________________________

______________________________

**5.** Luaigh **dhá** chúis atá ann go bhfuil an praghas ar lítear an bhainne atá le fáil ag feirmeoirí na hÉireann níos ísle ná an praghas atá le fáil ins na ballstáit eile den AE

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**6.** Ainmnigh **dhá** réamhchúram i gcoinne riosca agus éiginnteachta táirgeachta ar féidir le feirmeoir a ghlacadh, agus é ag pleanáil na táirgeachta amach anseo.

______________________________

______________________________

**7.** Cén slí ina bhfuil geilleagar an **'Tíogair Cheiltigh'** in Éirinn ag dul i bhfeidhm ar dheischostas na fostaíochta san fheirmeoireacht?

______________________________

______________________________

**8.** Abair agus mínigh, agus bíodh sampla agat - conas mar atá imní fán timpeallacht ag cur moille ar ráta méadaithe an tsoláthair sa talmhaíocht san AE?

______________________________

______________________________

**9.** Léirigh cén difir atá ann idir **éileamh díoraithe** agus **soláthar díoraithe**, maidir le táirgí talmhaíochta.

______________________________

______________________________

**10.** Tá tuairim is ___________% des na tosca soláthair ina seilbh ag na feirmeoirí.

**11.** Cén bhrí a bhaineann tusa as **boilsciú ag tarraingt an éilimh**? Bíodh sampla amháin comhaimseartha agat.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**12.** Séard is **Ioncam Tirim na Feirme** ná ________________móide ______________lúide ______________.

**13.** Mínigh go cruinn **Cóimheas Leachtachta** agus **Cóimheas Fiachais ar Ghlanfhiúchas**.

______________________________________________

______________________________________________

**14.** "D'fhéadfadh plean <u>brabúsach</u> gan a bheith <u>féideartha</u>". Mínigh an **dá** théarma atá in úsáid san abairt sin, ag a bhfuil líne fúthu.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**15.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bheadh ag **Córas Barúlach** i gcúrsaí meastacháin do cháin ioncaim.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**16.** Go gearrtéarmach, bíonn an fhreagairt soláthair san fheirmeoireacht neamhleaisteach sa phraghas, de réir a nádúir. Mínigh cén fáth atá leis seo.

______________________________________________

______________________________________________

**17.** Luaigh **dhá** mhór-chúis nach bhfuil a lán brí ná míniú ag comparáid idir ioncam na feirme per oibrí sa chlann, agus tuarastail tionsclaíocha per oibrí.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**18.** Luaigh **dhá** chumhacht atá ag Parlaimint na hEorpa:

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**19.** Cén t-athrú is mó atá tagtha ar chaiteachais an AE ar an CAP de bharr leasaithe an uasail Mhic Searraigh ins na blianta 1993/95?

______________________________________________

______________________________________________

**20.** Cé go bhfuil go leor sochair ag baint le feirmeoireacht pháirt-aimsire, ó thaobh eacnamaíochta de, tá cáineadh á dhéanamh uirthi. Luaigh **dhá** chúinse cáinte atá ann ar an socrú seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

M.42(A)T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

**DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00**

**Tá Cuid a haon ar bhileog faoi leith agus spásanna dos na freagraí inti. Ba cheart an bhileog in iomláine a chur isteach le do fhreagarleabhar.**

THALL ®

## Cuid II (200 marc)

**Freagair CEITHRE cheist.**
**Scríobh na freagraí don chuid seo i do fhreagarleabhar.**
**Tá an líon céanna marcanna acu uilig.**

**1.** (i) Mínigh go cruinn céard is **Olltáirgeadh Talmhaíochta** na Feirme Náisiúnta.
(ii) Léirigh an difir idir **Ioncam ag eascairt as Talmhaíocht** agus **Ioncam Fheirm Theaghlaigh**.
(iii) Baineann na sonraí seo thíos leis an bhliain 1998. Ríomhaigh astu cén Ioncam Fheirm Theaghlaigh a bhain leis an Fheirm Náisiúnta don bhliain:

| | **£m** |
|---|---|
| Olltáirgeacht Talmhaíochta | 3,270 |
| Ionchuir Ábhar agus Seirbhísí | 1,160 |
| Fóirdheóntaisí | 1,040 |
| Tobhaigh | 25 |
| Dímheas ar Innealra agus Foirgnimh | 450 |
| Tuarastail agus Pá | 220 |
| Íocaíocht ar Ús | 190 |

(iv) Is é Ioncam Fheirme Theaghlaigh ná an toradh measta ar na tosca soláthair. Céard iad sin?

**2.** (i) Bíodh na rátaí athraithe seo ann i gcoitinne sa mhargadh san AE agus ins na margaí i dtíortha ísilioncaim atá ag fás go tapaidh - mar atá sa tábla laistíos; ríomhaigh na hathraithe bliantúla dá mbarr ar an éileamh, sa dá chás. Léirigh an chodarsnacht maidir leis an tionchar ar éileamh sa dá chás.

| | **AE** | **Tír Ísilioncaim** |
|---|---|---|
| Ioncam Tirim | 3% | 5% |
| Leaisteachas Ioncaim an Éilimh | 0.2 | 0.8 |
| Athrú ar Dhaonra | -0.1 | +2.0 |
| Athrú ar Éileamh | ? | ? |
| Athrú ar Sholáthar | 2.0 | 2.0 |

(ii) Abair go bhfuil an tathrú soláthair úd ann sa dá chás lastuas, céard a tharlódh le praghasanna na dtáirgí talmhaíochta i gcionn tamaill, sa dá chás?

(iii) Luaigh na tosca - cé’s moite den daonra agus des na treochtaí ioncaim - a bhíonn mar chúis ag athrú a theacht ó am go chéile ar éileamh ar bhia.

**3.** (i) Mínigh na téarmaí seo: Innéacs Fíorphraghsanna, Téarmaí Trádála na bhFeirmeoirí.
(ii) Ar bhunphointe 1990 = 100 seo iad na praghas-innéacsanna cuí:

| | **1990** | **1998** |
|---|---|---|
| Táirgeadh Talmhaíochta (AOPI) | 100 | 95.5 |
| Ionchur Talmhaíochta (AIPI) | 100 | 102.8 |
| Praghsanna Tomhaltais (CPI) | 100 | 121.7 |

Ríomhaigh, don tréimhse sin ocht mbliana
A. an t-athrú ar na fíor-phraghsanna faighte ag na feirmeoirí.
B. an t-athrú ar na téarmaí trádála dos na feirmeoirí.

(iii) Cé go bhfuil na gluaiseachtaí diúltacha sin i bpraghsanna ann dos na feirmeoirí, d’ardaigh fíor-mheán-ioncam glan de réir oibrí thar an tréimhse. Luaigh **dhá** chúis leis seo.

**4.** (i) Cén bhrí, dar leat, atá ag **cumas aisíocaíochta**?

(ii) Tá £13,700 mar ghlan-ioncam ag teaghlach feirme; tá caiteachas tí £10,700 ag an teaghlach chéanna; agus aisíoc sa bhliain de £150 ar gach £1000 atá ar iasacht acu. Leis an eolas seo uilig ríomhaigh cé mhéid den iasacht ar fad a d'fhéadfaí a chothú as ioncam an teaghlaigh.

(iii) Luaigh agus mínigh an teicníc in úsáid chun féidireacht mhaoinithe ag plean feirme a mheas.

(iv) Cé hiad na **míreanna gan-airgead** a chuirfí san áireamh chun Ioncam Feirme Theaghlaigh a mheas?

**5.** Seo dhá léaráid ar sholáthar/éileamh maidir leis an mhargadh san AE agus leis an mhargadh domhanda do tháirgí talmhaíochta:




FIG.1




FIG.2

(i) Tarraing na léaráidí úd isteach i do fhreagarleabhar agus cuir lipéidí orthu ag léiriú céard a bhaineann leis an mhargadh san AE agus céard a bhaineann leis an margadh domhanda.

(ii) Cén praghas a bheadh i bhfeidhm i margadh an AE muna mbeadh cosaint ann i gcoinne iomportála?

(iii) Cén méad a bheadh á éileamh agus á sholáthar ag an phraghas-leibhéal sin?

(iv) Mínigh na mór-bhuntáistí agus na mór-mhíbhuntáistí ag Saor-Mhargaí do earraí talmhaíochta?

(v) Conas a d'fhéadfaí na míbhuntáistí a laghdú agus saor-thrádáil fhíorúil a choinneáil fós?

**6.** (i) Ó am go chéile, bíonn praghsanna talmhaíochta ag athrú go mór. Luaigh na fáthanna atá leis an athrú seo.

(ii) Mínigh do fhreagraí le léaráid sholáthar / éileamh, ag taispeáint cén phraghas-iarmhairt a bheadh ag mór-athrú sa tsoláthar, i gcoinne chuair éilimh le praghas-leaisteachas níos lú **agus** le praghas-leaisteachas níos mó.

(iii) Cén tionchar a bhíonn ar ioncam i ngach cás?